

Oisín i dTír na nÓg - Nótaí.

Téamaí an tSleachta:

- Baineann an sliocht seo leis an óige agus aois. Ag tús an tsleachta, bhí Oisín óg, láidir agus dathúil. Ach chaill sé a óige agus is seanfhear críonna, caite é ag deireadh an tsleachta.
- Feicimid draíocht mar théama freisin. Bhí an capall ábalta eitilt go Tír na nÓg. Bhí neart as cuimse ag Oisín nuair a chaith sé an cloch san aer. Is áit speisialta í Tír na nÓg atá lán le draíocht. Ní éiríonn aon duine sean ná tinn ansin.
- Baineann an sliocht le grá freisin. Bhí grá idir Oisín agus Niamh, cinnte, ach feicimid an grá idir Oisín agus Fionn freisin. D'fhill Oisín chun Fionn agus na Fianna a fheiceáil, ach bhí siad marbh ☹

Carachtair an tSleachta:

Oisín: Is fear láidir, dathúil é Oisín ag tús an tsleachta seo agus thit Niamh i ngrá leis. Bhí sé **cuidiúil** mar dhuine - Ní raibh na fir ábalta an cloch trom a bhogadh agus chuidigh sé leo. Is laoch **cróga** é Oisín mar mharaigh sé an fathach agus lig sé saor iníon an Rí. Bhí sé **ceandána** mar d'fhág sé a chlann/theaghlach i dTír na nÓg, cé gur thug Niamh rabhadh dó faoi.

Niamh: Is spéirbhean **álainn** í Niamh. Feicimid cur síos álainn uirthi ag tús an tsleachta - Bhí gruaig fhionn uirthi/Bhí a cuid gruaige fionn agus súile gorma. Is carachtar **ríoga**, **usal** í mar is í iníon rí Thír na nÓg. Is bean **láidir**, **ceandána** í. Ach bhí sí **ciallmhar** freisin, mar thug sí rabhadh d'Oisín gan filleadh ar Éirinn.

Barúl:

Thaitin an sliocht seo go mór liom, mar is bean láidir í Niamh. Tá tréithe an bhéaloidis le feiceáil sa scéal. Is aoibhinn liom an aoibhneas agus an draíocht a bhaineann le Tír na nÓg.

Is iad grá agus brón na mothúcháin sa scéal seo. Sa deireadh, is seanfhear uaigneach é Oisín, agus cuireann sin brón agus trua an domhain orm ☹